Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**9105/16**

**COPS 153**
**MAMA 81**
**MOG 62**
**CFSP/PESC 404**
**COHAFA 35**
**SY 4**
**COTER 55**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9104/16 COPS 152 MAMA 80 MOG 61 CFSP/PESC 403 COHAFA 34 SY 3 COTER 54 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Réigiúnach an Aontais Eorpaigh don tSiria agus don Iaráic agus don bhagairt ó Da'esh<br>- Conclúidí ón gComhairle (23 Bealtaine 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Réigiúnach an Aontais Eorpaigh don tSiria agus don Iaráic agus don bhagairt ó Da'esh, a ghlac an Chomhairle ag an 3466ú cruinniú dá cuid ar an 23 Bealtaine 2016.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE STRAITÉIS RÉIGIÚNACH AN AONTAIS EORPAIGH DON tSIRIA AGUS DON IARÁIC AGUS DON BHAGAIRT Ó DA'ESH

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 23 Bealtaine 2016**

1. Athdhearbhaíonn an tAontas an gealltanas a rinne sé ar dtús i Straitéis Réigiúnach an Aontais Eorpaigh don tSiria agus don Iaráic agus don bhagairt ó Da'esh i mí Márta 2015 chun síocháin, cobhsaíocht agus slándáil bhuanseasmhach a bhaint amach sa tSiria agus san Iaráic agus sa mhór-réigiún máguaird, lena gcuirfear deireadh le fulaingt mhuintir na Siria agus na hIaráice agus lena gcaomhnófar gné il-eitneach, il-chreidimh agus il-eaglasta shochaithe na Siria agus na hIaráice chomh maith le hoidhreacht shaibhir chultúrtha an réigiúin. Maidir leis an iarracht sin, bainfidh an tAontas leas as na hacmhainní polaitiúla, slándála agus forbartha uile is gá. Tá an tAontas lántiomanta cúnamh daonnúil a chur ar fáil de réir prionsabal daonnúil. Díreofar freisin ar iarracht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na sreafaí imirce. Ó thús na coinbhleachta, tá an tAontas agus a chuid Ballstát tar éis €6.4 billiún a chur ar fáil chun dul i ngleic leis na cúiseanna agus na hiarmhairtí. Chun Da'esh a chomhrac san fhadtéarma, ní mór dul i ngleic le bunchúiseanna polaitiúla agus socheacnamaíocha atá tar éis cur le scaipeadh na sceimhlitheoireachta. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a chuid tacaíochta don Chomhghuaillíocht Dhomhanda, arb é is aidhm dó tuilleadh chéim síos a thabhairt do Da'esh, agus, i ndeireadh thiar thall, iad a chloí ar fad. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an athuair a thiomanta atá sé saoránaigh an Aontais a chosaint ón mbagairt sceimhlitheoireachta a thagann ó Da'esh agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta eile atá ar liosta na Náisiún Aontaithe trí ghníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát.

2. Tá an tAontas tar éis chur chun feidhme na straitéise go dtí seo a athbhreithniú agus tugann sí dá aire go bhfuil a cuspóirí fós bailí agus gur cheart iad a bhaint amach. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil athrú poirt tagtha ar chúrsaí ó tugadh isteach an Straitéis. D'fhonn bheith in ann freagairt air sin, ba cheart cur chun feidhme na Straitéise a oiriúnú ar na bealaí a leagtar amach sna Conclúidí seo agus i ndlúthchomhar le gníomhaíochtaí na mBallstát i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle ó mhí Feabhra agus ó mhí Márta 2105. Leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát den Straitéis Réigiúnach don tSiria agus don Iaráic mar aon le bagairt Da'esh a chur chun feidhme agus tá siad ag tnúth leis an tuarascáil don chéad sé mhí eile maidir le Straitéis Mhí an Mhárta 2015 a chur chun feidhme.

**An tSiria**

3. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta d'aontacht, do cheannasacht, do neamhspleáchas agus do shláine críche Stát na Siria agus iarrann sé ar na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an gcoinbhleacht staonadh ó aon ghníomh a chothódh easaontas nó a dtitfeadh tír as a chéile dá bharr.

4. Creideann an tAontas dá bharr sin, gurb é an próiseas polaitiúil atá seolta ag an nGrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don tSiria, arna fhormhuiniú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus faoina stiúir, an t-aon bhealach chun deireadh a chur le cúig bliana coinbhleachta sa tSiria agus déanfaidh sé a seacht ndícheall a áirithiú go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine Rún 2254 agus Rún 2268 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar aon le communiqué na Ginéive. Tá gá le haistriú polaitiúil a bheidh faoi stiúir agus faoi úinéireacht na Siria agus a bheidh bunaithe ar phrionsabail Communiqué na Ginéive, chun síocháin bhuan a thabhairt chun na tíre, chun an lámh in uachtar a fháil ar Da'esh sa tSiria agus chun cur ar chumas mhuintir na Siria filleadh ar a gcuid bailte go slán sábháilte agus chun cuidiú le hatógáil na tíre. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile tacú go gníomhach le próiseas ina mbeidh aistriú inchreidte agus cuimsitheach ag teacht as. Iarrann an tAontas ar réimeas na Siria a chur in iúl an bealach a gcuirfear an fíorathrú polaitiúil chun feidhme. Ní féidir síocháin bhuan a bheith sa tSiria faoin gceannaireacht atá ann faoi láthair ná go dtí go dtabharfar aghaidh ar na casaoidí dlisteanacha agus ar na hardmhianta dlisteanacha atá ag gach taobh i sochaí na Siria.

5. Is díol sásaimh don Aontas an toradh a bhí ar chruinniú aireachta ISSG an 17 Bealtaine agus chuir sé in iúl go gcaithfidh gach ball de ISSG gach is féidir a dhéanamh chun treisiú leis an gcur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar an sos comhraic, chun rochtain dhaonnúil a áirithiú ar fud na tíre, lena n-áirítear trí aerscaoileadh agus droichid bordála paisinéirí más gá, agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le ceist na ndaoine atá á gcoinneáil ionas go bhféadfar filleadh an athuair ar idirphlé inchreidte idir geallsealbhóirí éagsúla na Siria. Ní mór dul i mbun dianchaibidlíochta má táthar le teacht ar chomhaontú faoin 1 Lúnasa maidir le fíorathrú polaitiúil a d'áireodh coiste rialaithe idirthréimhseach, ar coiste cuimsitheach neamhsheicteach uileghabhálach é, a mbeadh cumhachtaí iomlána feidhmiúcháin aige.

6. Dá bhrí sin, beidh fuadar faoin obair chomhpháirteach a bheidh ar bun ag an Aontas chun an méid a leanas a dhéanamh:

- dlús a chur lenár dtacaíocht ghníomhach don iarracht cuimsitheach atá á dhéanamh ag Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe an chaibidlíocht idir geallsealbhóirí éagsúla na Siria a éascú, mar bhall gníomhach den Ghrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don tSiria agus lena áirithiú go mbeidh an tsochaí shibhialta agus mná rannpháirteach ar bhonn gníomhach sa phróiseas;
- dlús a chur leis an tacaíocht atá ann don fhreasúra sa tSiria, agus go háirithe Coiste na hArdchaibidlíochta (HNC), mar thoscaireacht an fhreasúra sna cainteanna atá faoi stiúir na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as Tionscnamh Cuimsitheach Síochána na Siria. HNC a spreagadh chun leanúint de bheith ag ullmhú na físe atá aige d'aistriú polaitiúil agus páirt iomlán a ghlacadh i bpróiseas na Ginéive.
- teagmháil a dhéanamh leis na príomhghníomhaithe réigiúnacha chun an obair a dhéanamh i dtreo threochlár na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán, agus áiteoidh sé arís orthu siúd uile a bhfuil tionchar acu ar na páirtithe, go háirithe ar réimeas na Siria, an tionchar sin a úsáid chun ról cuiditheach a spreagadh sa phróiseas;
- tacú le hiarrachtaí thascfhórsa ISSG chun an sos comhraic a athbheochan agus a neartú mar aon le sos cogaidh níos iomláine a bhaint amach. Tá an sos comhraic bunriachtanach, ní amháin chun fulaingt mhuintir na Siria a mhaolú ach freisin le go mbeidh na páirtithe éagsúla in ann muinín a spreagadh arís sa phróiseas polaitiúil. Cáineann an tAontas Eorpach gach ionsaí ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, go háirithe i gcoinne saoráidí míochaine, na scoileanna, na margaí agus campaí na ndaoine easáitithe ina dtír féin. Cáineann AE go láidir na hionsaithe iomarcacha díréireacha a rinne réimeas na Siria i gcoinne a mhuintire féin. Meabhraíonn an tAontas gurb ar údaráis na Siria atá an phríomhfhreagracht maidir leis an daonra a chosaint sa tSiria;
- feabhas a chur ar an méid a chuireann sé le tascfhórsa daonnúil ISSG, fad is atáthar ag leanúint den obair dhaonnúil ar an láthair, d'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain gan bhac ag an lucht daonnúil ar dhaoine atá i ngátar agus go n-urramóidh na páirtithe uile an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar an réimeas agus ar pháirtithe uile na coinbhleachta rochtain dhaonnúil iomlán a dheonú agus éirí as a bheith ag cur bac ar an gcúnamh, lena n-áirítear ábhar míochaine, atá á chur ar fáil go seasta agus go mear. Tá sé in éadan an dlí idirnáisiúnta an t-ocras a úsáid i gcoinne saoránach, nó ceantair a bhfuil daonra mór iontu a chur faoi léigear, a úsáid mar oirbheart cogaidh, rud atá ar siúl go forleathan ag an réimeas. Iarrann an tAontas go scaoilfí saor láithreach aon duine atá á choinneáil go treallach, go háirithe mná agus leanaí, agus go n-urramódh gach páirtí sa tSiria cearta an duine do chách, lena n-áirítear cearta do mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha;

- leanúint de bheith ag tacú leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun cur i gcoinne Da'esh sa tSiria agus cáineann sé go láidir gach ionsaí agus gach ainghníomh neamh-idirdhealaitheach atá déanta ag Da'esh agus ag grúpaí sceimhlitheoireachta eile atá ar liosta na Náisiún Aontaithe i gcoinne mhuintir na Siria.
- níos mó tacaíochta a thabhairt don tsochaí shibhialta sa tSiria, ag tosú leis an réigiún atá i seilbh an fhreasúra mheasarthaigh i réimsí amhail teacht aniar áitiúil, seachadadh seirbhísí poiblí agus rialachas áitiúil, cearta an duine agus cuntasacht, síocháin a chothú, saincheisteanna inscne agus mionlaigh, d'fhonn feabhas a chur ar a chumas a bheith rannpháirteach san aistriú agus i gcobhsú na tíre;
- níos mó cúnaimh a chur ar fáil, agus cúnamh trasteorann á nascadh le tacaíocht ó laistigh den tSiria, agus díreoidh sé ar chabhair a chur ar fáil mar chuid d'iarracht níos mó chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an phobail ar fud na Siria agus teacht aniar a chothú i muintir na háite.
- borradh a chur faoin ullmhúchán chun luath-idirghabháil a dhéanamh sna hiarrachtaí maidir le téarnamh agus athshlánú sa tSiria, d'fhonn tacú go pras le cobhsú, le hatógáil agus le dídeanaithe a chur ar ais tráth a dtiocfar ar chomhaontú polaitiúil, lena n-áirítear trí thacú le Tascfhórsa Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe ina bpleanáil agus ina gcomhordú ar mhaithe le cobhsaíocht sa tréimhse tar éis comhaontú a bhaint amach.

7. Ó thosaigh an choinbhleacht, tá tacaíocht á tabhairt ag an Aontas agus ag na Ballstáit do dhídeanaithe ón tSiria, do dhaoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna) agus dá bpobail is ósta ar fud an réigiúin. Is ón Aontas agus ó na Ballstáit a tháinig beagnach dhá thrian de na gealltanais a tugadh ag an gComhdháil "Tacaíocht don tSiria agus don Réigiún", a tionóladh i Londain in 2016, agus oibreoidh siad ar mhaithe leis na gealltanais sin a chur chun feidhme go pras agus le cuidiú le rialtais sa réigiún fás eacnamaíoch a spreagadh agus slite beatha, oideachas, sláinte agus deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhídeanaithe ón tSiria, d'fhonn ionchais a thabhairt do dhaoine don todhchaí agus chun ullmhú do na dídeanaithe a chuirfear ar ais chuig a dtír. Déanfaidh an tAontas an leas is fearr a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dó, go háirithe as Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria ("Ciste Madad"), a bhfuil EUR 730 milliún i gcistiú ón Aontas agus ó na Ballstáit in éineacht le chéile curtha leis go nuige seo, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sa tSiria agus chun leathnú amach na héagobhsaíochta sa réigiún, go háirithe chuig an Liobáin, chuig an Iordáin agus chuig an Tuirc, a shrianadh. Iarrann an tAontas ar thíortha eile a gcuid ranníocaíochtaí féin a chothabháil agus a mhéadú mar fhreagairt ar an ngéarchéim.

8. Athdhearbhaíonn an tAontas an tacaíocht láidir a thugann sé don cheartas idirthréimhseach agus don chuntasacht maidir le gach mí-úsáid agus sárú tromchúiseach ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear gach ceann acu a d'fhéadfadh a bheith ina choir chogaidh arna déanamh sa tSiria ag aon cheann de na páirtithe, lena n-áirítear Da'esh, agus iarrann sé an athuair ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an cás a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Aontas gur athnuadh sainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin agus iarrann sé ar na páirtithe uile, go háirithe réimeas na Siria, oibriú i gcomhar lena chéile chun an rochtain is gá a dheonú.

**an Iaráic**

9. Cuireann an tAontas i bhfios go bhfuil sé tiomanta i gcónaí d'aontacht, do cheannasacht agus do shláine críche na hIaráice, atá bunriachtanach do chobhsaíocht na tíre agus an réigiúin. Athdhearbhaíonn an tAontas an tacaíocht láidir a thugann sé do rialtas na hIaráice agus do chlár na n-athchóirithe a mhol Haider al-Abadi, an Príomh-Aire, agus iarrann sé ar na páirtithe uile feidhmiú éifeachtach institiúidí poiblí cuimsitheacha a chothabháil agus a urramú i gcomhréir leis an mbunreacht. Is díol mór buartha don Aontas an staid pholaitiúil inmheánach agus an easpa dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus le hathmhuintearas a chur i bhfeidhm, agus iarrann sé ar na páirtithe uile, ar leibhéal na cónaidhme agus ar an leibhéal réigiúnach, a léiriú do mhuintir na hIaráice go bhfuil siad in ann an féinleas a chur ar leataobh agus an dul chun cinn riachtanach a theastaíonn mar ábhar práinne ón tír agus ó mhuintir na tíre, agus atá tuillte acu, a chur i gcrích.

10. Tá an tAontas den tuairim freisin go bhfuil gá práinneach le borradh a chur faoi fheidhmiú institiúidí poiblí na hIaráice. Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit le tacaíocht theicniúil bhreise a chur ar fáil do Rialtas Cónaidhme na hIaráice chun an tslándáil agus an smacht reachta a fheabhsú, chun an t-éilliú atá an-choitianta a chomhrac, chun soláthar seirbhísí do shaoránaigh na hIaráice a fheabhsú agus chun cuntasacht a chruthú le haghaidh iad siúd a thaobhaíonn leis an míúsáid agus le coireanna.

11. Tá an tAontas thar a bheith buartha i gcónaí faoin staid dhaonnúil san Iaráic atá ag dul in olcas. Ag aithint dó go leanfar de na feachtais atá ar bun chun críocha breise a shaoradh ó Da'esh, cuirfidh an tAontas dlús leis an gcúnamh daonnúil a thugann sé do na sibhialtaigh uile atá thíos leis an gcoinbhleacht, agus ag áitiú dó gur gá do na páirtithe sa choinbhleacht cloí leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, le linn cogaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ina diaidh, agus gur gá dóibh rochtain shábháilte, gan bhac a áirithiú don lucht daonnúil i ngach aon réimse. Caithfidh nósanna imeachta maidir le scagadh slándála a bheith i gcomhréir leis an dlí naisiúnta agus idirnáisiúnta, agus caithfidh na campaí a saintréith dhaonnúil shibhialtach a choinneáil. Áitíonn an tAontas go gcaithfear an bealach a réiteach le daoine atá easáitithe ina dtír féin a chur ar ais chuig a n-áit thionscnaimh ar bhealach sábháilte, eolasach, deonach, neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chosanta. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas, in éineacht le húdaráis na hIaráice, aghaidh a thabhairt, trí bhíthin idirphlé, ar ábhair imní fhrithpháirteacha maidir leis an imirce.

12. Ós rud é go gcaithfidh an feachtas míleata leanúint ar aghaidh, is príomhthosaíocht é na ceantair a shaortar ó Da'esh a dhéanamh cobhsaí láithreach agus ar bhealach rathúil, mar réamhchoinníoll le go bhfillfidh daoine atá easáitithe ina dtír féin dá ndeoin féin agus le gur slán a bheidh siad, agus mar bhunús don athmhuintearas ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit an bhféadfaí tacú tuilleadh leis an bpróiseas cobhsúcháin, i ndlúthchomhar le rialtas cónaidhme na hIaráice agus leis na húdaráis áitiúla, le Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe don Iaráic (UNAMI) agus leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda, lena n-áirítear trí Shaoráid Cistiúcháin Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) do Chobhsúchán ar an Toirt (FFIS) agus trí Shaoráid Cistiúcháin Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe do Chobhsúchán Domhain (FFES). Díreofar ar fheistí pléascacha a bhaint, ar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, ar shlite beatha a chur ar fáil, ar an smacht reachta agus ar thacaíocht don earnáil slándála, lena n-áirítear oiliúint póilíní. Cuirfidh an tAontas dlús leis an gcomhordú agus le sineirgí le gníomhaíochtaí na mBallstát faoi chuimsiú na Comhghuaillíochta Domhanda. Cuireann sé i bhfáth gur príomhchuspóir sna hiarrachtaí go léir maidir le cobhsú agus le forbairt é cumhachtú agus rannpháirtiú na mban. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na roghanna a chuirfidh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) i láthair go gairid maidir le rannpháirtíocht fheabhsaithe lena dtacófar leis an gcobhsaíocht fhadtéarmach, go háirithe i réimsí an smachta reachta agus na hearnála slándála, agus na hionstraimí go léir atá ar fáil á gcur san áireamh, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle ó mhí na Nollag 2015 agus leis an méid a dúirt an tArdionadaí sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha i mí Eanáir 2016. Beidh ríghá leis an tacaíocht seo chun an dul chun cinn míleata a dhéantar i gcoinne Da'esh a chomhdhlúthú.

13. Arís, cáineann an tAontas go huile is go hiomlán na sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, na hainghníomhartha, an marú, agus na sáruithe ar chearta an duine atá déanta ag Da'esh san Iaráic. Tá dochar déanta do gach uile dhuine san Iaráic dá mbarr. Cé gur Moslamaigh is mó atá thíos leis na gníomhartha sin, díríodh ar mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha ach go háirithe, grúpaí amhail na hIasaídigh, na Críostaithe agus na Tuircméanastánaigh. Déanfaidh an tAontas gach dícheall dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé dóibh siúd atá thíos le Da'esh agus freisin do Rialtas na hIaráice iad siúd a líomhnaítear ina leith gur déantóirí coireanna cogaidh agus coireanna i gcoinne an chine dhaonna iad a thabhairt os comhair na cúirte. Féachfaidh sé freisin an bhféadfaí tacú tuilleadh le hiarrachtaí na sochaí sibhialta chun an tsíocháin a fhorbairt. Iarrann an tAontas an athuair ar an Iaráic aontú do Reacht na Róimhe.

14. I bhfianaise na ndeacrachtaí airgeadais agus buiséadacha atá os comhair na hIaráice, breathnóidh an tAontas ar mhodhanna eile chun cabhrú le Rialtas Cónaidhme na hIaráice agus le Rialtas Réigiúnach na Cordastáine chun an tsláinte eacnamaíoch agus airgeadais a chur ar bun an athuair, i ndlúthchomhar le CAI agus leis an mBanc Domhanda, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt don athchóiriú ar chórais an airgeadais phoiblí agus an bhainistithe mhaicreacnamaíoch. Spreagann an Chomhairle BEI le machnamh a dhéanamh ar thionscadail inmharthana infheistíochta san Iaráic a luaithe a bheidh an Creat-Chomhaontú Oibríochtúil i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, tathantaíonn an tAontas ar Rialtas na hIaráice agus ar Rialtas Réigiúnach na Cordastáine na difríochtaí atá eatarthu a chur ar leataobh, dáileadh trédhearcach agus cothrom acmhainní ola agus gáis a áirithiú, agus dlús a chur lena gcuid iarrachtaí an t-éilliú a chomhrac.

15. Leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát de bheith i dteagmháil le comharsana na hIaráice, lena n-áirítear an Tuirc, an Iaráin agus an Iordáin agus Tíortha na Murascaille agus iarrann sé orthu i gcónaí ról cuiditheach a imirt maidir le cobhsaíocht agus athmhuintearas san Iaráic. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí tacaíocht réigiúnach do chlár athchóirithe an Phríomh-Aire Abadi.

**Da'esh a chomhrac**

16. Tá Da'esh ina bhagairt shoiléir do mhuintir na Siria, na hIaráice agus tíortha eile sa réigiún, amhail an Libia, agus don Eoraip agus níos faide i gcéin. Na hionsaithe, na hainghníomhartha, na maruithe, na sáruithe ar chearta an duine agus na sáruithe eile ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus iad neamh-idirdhealaitheach agus spriocdhírithe, a dhéanann Da'esh agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile atá ar liosta NA, cáineann an tAontas agus a chuid Ballstát go neamhbhalbh iad agus leanfaidh sé, ar aon dul le UNSCR 2249, de pháirt a ghlacadh i mbealaí chun iad a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, tá an tAontas réidh chun tacú leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun cosc agus comhrac a dhéanamh i leith damáiste nó díothú, sladaíocht agus smuigleáil agus gáinneáil a bheith á ndéanamh i gcás na hoidhreachta cultúrtha seandálaíochta. Is díol sásaimh don Aontas a bhfuil bainte amach ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Da'esh le déanaí agus aithníonn sí go bhfuil an deis ann a bheith níos rathúla fós trí leanúint den chomhar idir an tAontas agus na Ballstáit. Déanfaidh an tAontas a chuid gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do chineál athraitheach na bagairte ó Da'esh.

17. Athdhearbhaíonn an tAontas agus a chuid Ballstát go bhfuil siad tiomanta do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Da'esh a chomhrac, lena n-áirítear trí bheith mar chomhchathaoirleach i meithleacha na Comhghuaillíochta agus trí bheith rannpháirteach go gníomhach san meithleacha sin, agus go bhfuil siad tiomanta freisin don chomhar leis na comhpháirtithe faoi chuimsiú an Fhóraim Frithsceimhlitheoireachta Domhanda.

18. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an cur chuige fadtéarmach cuimsitheach maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus maidir leis an antoisceachas foréigneach a chosc, ar cur chuige é a bhfuil sé mar aidhm leis go gcuirfear deireadh leis na bunchúiseanna atá leis. Tá rún daingean ag an Aontas go ndéanfar an tearmann agus na hacmhainní airgeadais agus soláthair atá ag Da'esh a bhaint de trí athneartú a dhéanamh ar na huirlisí atá aige féin chun an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a chomhrac. Tá an tAontas meáite freisin ar chosc a chur ar Da'esh agus ar chleamhnaithe Da'esh an tionchar atá acu i dtríú tíortha a leathnú tuilleadh. Cuirfidh an tAontas feabhas breise ar an ngníomhaíocht frithsceimhlitheoireachta atá á déanamh aige, agus comhordóidh sé na gnéithe seachtracha agus inmheánacha de, ar na bealaí seo a leanas:

- an comhar frithsceimhlitheoireachta agus slándála a dhoimhniú trí rannpháirtíocht ardleibhéil le tíortha de chuid MENA, leis an Tuirc, leis na Balcáin Thiar agus le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta lena n-áirítear le Comhairle Chomhair Stáit Arabacha na Murascaille agus le Léig na nArabach d'fhonn bac a chur ar leathnú Da'esh agus ar shreabh na dtrodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, cistí agus arm, agus aird iomlán á tabhairt ar chaighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le cearta an duine.

- feabhas a chur ar a chuidiú leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Da'esh a chomhrac trí thacaíocht bhreise a thabhairt do na Meithleacha chun sreafaí trodaithe eachtracha a laghdú, chun cobhsú a dhéanamh ar limistéir a saoradh, chun brú a chur ar airgeadas Da'esh agus chun teachtaireachtaí Da'esh a chomhrac, lena n-áirítear an tacaíocht sin a bheith á tabhairt aige do na meithleacha trína bheith mar bhall díobh; agus tacú le tíortha sa réigiún agus rúin ábhartha uile Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe á gcur chun feidhme. I gcomhréir le UNSCR 1373 lena gcuirtear treoir ar fáil do chur chuige náisiúnta chun Da'esh a chomhrac agus i gcomhréir le UNSCR 2253 (2015), tá an tAontas tiomanta do smachtbhannaí uathrialacha na Náisiún Aontaithe agus an Aontais a chur chun feidhme lena spriocdhírítear ar Da'esh agus ar a chleamhnaithe chun bac a chur ar fheidhmiú na heagraíochta agus chun cur isteach ar líonraí na jiohádach.
- cur leis an gcúnamh teicniúil a thugann sé do thríú tíortha maidir le straitéisí náisiúnta a fhorbairt chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le plean gníomhaíochta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, agus tacú le plean gníomhaíochta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus Straitéis Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe á hathbhreithniú i mí an Mheithimh.
- aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hábhar Ceimiceacha, Bitheolaíocha, Raideolaíoch, Núicléacha agus Pléascán sa réigiún trí gach bealach is féidir, agus aghaidh a thabhairt freisin ar gháinneáil agus atreorú neamhdhleathach arm, go háirithe mionairm agus airm éadroma, d'fhonn rannchuidiú leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil sa réigiún.
- neartú a dhéanamh ar an bhfrithradacú laistigh den Chomhghuaillíocht Dhomhanda agus sa chomhar le tíortha Moslamacha freisin, tríd an dea-chleachtas a chomhroinnt, trí chomhar an Aontais a fheabhsú le hoibreoirí Idirlín agus leis na meáin shóisialta, tríd an idirphlé idirchultúrtha agus idir-reiligiúnach a chur chun cinn chun deireadh a chur leis an radacú agus chun an chaoinfhulaingt a spreagadh, teagmháil a choimeád le ceannairí ógra, agus feabhas a chur ar an gcumarsáid straitéiseach agus ar an bhfor-rochtain, lena n-áirítear tríd an bhFoireann Chomhairleach don Chumarsáid Straitéiseach maidir leis an tSiria, trí Chill Chumarsáide na Comhghuaillíochta Domhanda, tríd an Institiúid Idirnáisiúnta don Cheartas agus don Smacht Reachta, trí Ionad Hedayah. tríd an gCiste Domhanda sa Ghinéiv do Rannpháirtiú agus do Theacht Aniar an Phobail, agus tríd an Líonra don Fheasacht ar an Radacú.
- an comhrac i gcoinne na dtrodaithe eachtracha a fheabhsú, go háirithe trí na rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú trí rannchuidiú comhordaithe agus córasach leis na comhaid iomchuí (Córas Faisnéise Schengen II, Europol, Doiciméid Taistil atá Goidte agus Caillte).

- cur lena iarrachtaí arb é is aidhm dóibh go gcuirtear isteach ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta trí dhlús a chur le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, go háirithe maoiniú sócmhainní na sceimhlitheoirí a chalcadh, an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus na trádála aindleathaí ola agus earraí cultúrtha. Níos mó tacaíochta a thabhairt don réigiún maidir le moltaí ábhartha an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais a chomhlíonadh agus tionscnaimh cúnaimh theicniúil a sholáthar do na húdaráis agus do na rialtóirí airgeadais sa réigiún.